Shane Bergin & Declan Fahie

EACHTRAÍ

PHEIGÍ SAN EOLAÍOCHT

Léarádaí le Steve McCarthy

Suas linn, a Pheigí!

‘Ba bhreá liom a bheith i mo spásaire,’ arsa Peigí an madra. ‘Ba bhreá liom an ghealach agus na réaltaí agus na pláinéid a fheiceáil.’

Is spásaire í Áine. Bíonn sí ag obair i saotharlann agus tá áthas uirthi Peigí a fheiceáil. Tá áthas ar Pheigí Áine a fheiceáil freisin. Tá sí ar cuairt ar ionad oibre Áine den chéad uair.

‘Oh! Féach ar an áit seo.’

‘An bhfuil cead agamsa eitilt sa spáslong,’ arsa Peigí go cúthail.

‘Tá go deimhin, ach caithfidh tú culaith spáis a fháil ar dtús,’ arsa Áine.

An bhfuil cead agamsa?

‘Féach an bhfuil mo shean-chulaith spáis seo oiriúnach duit,’ arsa Áine.

‘Tá fadhb againn, a Áine,” arsa Peigí agus ligeann sí osna aisti.

‘Tá muinchillí na culaithe spáis i bhfad rófhada dom agus tá mo chluasa sáinnithe. Mo léan! Ba bhreá liom dul amach sa spás.’

Beagán rómhór...



‘Ná bí buartha, a Pheigí. Is féidir linn culaith spáis a dhéanamh duit a bheidh díreach ceart duitse. Beidh orainn brostú, áfach. Beidh an spáslong ag fágáil i gcionn deich nóiméad!’

Tosaíonn gach duine sa tsaotharlann ag gearradh agus ag gliúáil agus ag greamú agus ag fuáil... Níos tapúla agus níos tapúla nó...

...go bhfuil an chulaith spás réidh.

‘Féach orm!’ arsa Peigí. ‘Táim réidh don spás.’

I bhfad níos fearr, maith sibh!

Tá Peigí ag siúl sa spás. Feiceann sí an Ghealach agus an Domhan agus an Ghrian. Tá sí ar bís.

'Is breá liom a bheith i mo spásaire,' arsa Peigí, agus í ag croitheadh a heireabaill go compordach sa chulaith spáis.

Glan é, a Pheigí!

Chaill Peigí an madra agus a cara Joy a sliotar.
Tá siad á chuardach i bpáirc in aice le teach Joy.

Cad a dhéanfaimid anois, Joy?

Tá an pháirc lán le bruscar. Tá buidéil ghloine, cartáin phlaisteacha, boinn rothaí cairr agus sean-nuachtáin ar fud an bhaill.

'Tá sé seo go dona,' arsa Peigí.

Cuirimis ceist ar dhaideo!

Tá smaoineamh ag Joy!

'Cuirimis ceist ar Dhaideo. Beidh a fhios aige an rud ba cheart dúinn a dhéanamh!'

Is féidir linn é a athchúrsáil!

Tagann Daideo agus féachann sé go mall ar fud na páirce atá lán de bhruscar.

‘Ní aimseoimid aon sliotar nó go nglanfaimid an bruscar go léir,’ ar seisean.

‘Is féidir linn an bruscar a shórtáil agus muid ag obair.’

‘Cuirimis an plaisteach leis an bplaisteach, an ghloine leis an ngloine, agus an cairtchlár leis an gcairtchlár.’

‘Is féidir linn é a athchúrsáil ansin!’

Tar éis roinnt oibre, bhailigh siad an bruscar go léir.

‘Nach álainn an pháirc í gan an bruscar sin go léir! Is féidir liom na plandaí agus na bláthanna go léir a fheiceáil anois. Cuirfidh mé plandaí eileann,’ arsa Daideo.

‘Bainfimid go léir taitneamh as an bpáirc ansin.’

‘Daaaaaideo!! Peeeeeigí,’ arsa Joy de bhéic, ‘d’aimsigh mé an sliotar! Bhí sé faoin hata seo an t-am go léir.’

Buaileann Joy an sliotar leis an gcamán. Téann sé in airde sa spéir.
Ritheann Peigí ar nós na gaoithe le breith air.

‘Tá an-spraoi againn! Tá an t-ádh orainn go bhfuil páirc mar seo againn,’ arsa Peigí de thafann, agus í ag léim san aer.

Tá an t-ádh orainn!

Brostaigh ort, a Pheigí!



Is fada liom go bhfeice mé mo chara Ben.

Tháinig Peigí an madra ar an traein chun bualadh lena cara Ben.

Tá bronntanas mór aige dó. Tá sé sé bliana d'aois inniu.
Nuair a stopann an traein sa stáisiún léimeann Peigí
amach agus beireann sí barróg mhór ar Ben.



Mo léan! D’fhág Peigí bronntanas Ben ar an traein de thimpiste agus tá an traein ag imeacht ón stáisiún.

Cad a dhéanfaidh sí?!

Ochón! Fan! Fan!

‘Ná bí buartha, a Pheigí,’ arsa Ben.

‘Béarfaimid ar an traein ag an gcéad stáisiún eile. Beidh orainn brostú!’

Cuireann siad fios ar thacsaí ar dtús,
ach tá an iomad tráchta ann.



Téann siad ar an Luas ansin.
‘Táimid ag breith uirthi, Ben!’ arsa Peigí de bhéic.



Téann siad ar bhus dhá stór ansin
ach níl aon radharc ar an traein.

Ar deireadh, téann siad ar bhád trasna na Life
chuig stáisiún na traenach. A leithéid d’eachtra!

Beireann siad ar an traein sa deireadh, agus is féidir le Peigí bronntanas Ben a fháil. ‘Cad atá ann in aon chor?’ arsa Ben.

‘Lá breithe sona dhuit!’ arsa Peigí.



Go raibh maith agat, a Pheigí...
...Cad tá ann in aon chor?

‘Féach! Clúdaigh nua do rothaí mo chathaoireach.
Is aoibhinn liom iad. Go raibh míle maith agat, a Pheigí,’ arsa Ben,
agus brostaíonn siad leo chuig cóisir lá breithe Ben.

Bí ag fás, a Pheigí!



Tá Peigí an madra ar cuairt chuig Mamó Ruby
chun a gairdín aoibhinn a fheiceáil.

Iarrann Peigí ar Mhamó Ruby cabhrú léi bláth dá cuid féin a fhás.

‘Múinfidh mé duit é,’ arsa Mamó Ruby.

‘D’fhás mé bláthanna gach bliain ó bhí mé i mo chailín beag. Sin fadó fadó,’ arsa Mamó de gháire.

‘Is é an chéad rud a dhéanaim gach bliain na síolta a chur san ithir. Fuair mé amach go dteastaíonn uisce, solas agus bia ó gach síol chun go bhfásfaidh sé ina

‘Tagann an t-uisce ón mbáisteach agus déanann an planda a bhia féin le cúnamh ón nGrian, ón aer agus ón ithir.’

‘Is fada liom go mbeidh sé mór ard,’ arsa Peigí.

Buss... buss... buss...

Nuair a thugann Peigí cuairt ar Mhamó Ruby cúpla seachtain ina dhiaidh sin, tá plandaí Pheigí mór millteach! Tá beacha ag eitilt

'An bhfuil na beacha sin ag ithe mo bhláthanna?' arsa Peigí.

'Níl,' arsa Mamó Ruby agus í ag gáire.

'Is cairde linn iad na beacha.
Cuidíonn siad leis na plandaí fás.'

‘A Mhamó Ruby, tá an-áthas orm go bhfuil go leor rudaí ag obair le chéile chun cabhrú leis an ngairdín fás,’ arsa Peigí.

‘Go raibh maith agat as an gcaoi a bhfásann rudaí a mhúineadh dom. Is fada liom go mbeidh mo ghairdín féin agam nuair a bheidh mé mór.’

Tá súil againn, a dhaoine óga, gur bhain sibh taitneamh
as léamh faoi Eachtraí Pheigí san Eolaíocht.
B'fhéidir go mbeadh eachtraí agaibh féin!

Buíochas

Scéal le Declan, Shane agus (gan amhras) Peigí!
Léaráidí le Steve McCarthy
Dearadh le Post Studio
Leagan Gaeilge le Séamus Ó Coileáin
Impress a phriontáil

ISBN 978-1-910963-48-7

Eachtraí Pheigí san Eolaíocht,
le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann
agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath